2024/1824

28.6.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1824 ÓN gCOIMISIÚN

an 19 Meitheamh 2024

maidir leis an iarraidh ar chlárú an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'Stop Destroying Videogames' [Stad de Chluichí Físeáin a Scriosadh] de bhun Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2024) 3860)

(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(2) agus (3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 4 Bealtaine 2024 cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin iarraidh ar chlárú tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'Stop Destroying Videogames'.

(2) Is é is aidhm don tionscnamh, arna cur in iúl ag na heagraithe, 'a cheangal ar fhoilsitheoirí a dhíolann nó a cheadúnaíonn cluichí físeáin le tomhaltóirí san Aontas Eorpach (nó gnéithe agus sócmhainní gaolmhara a dhíoltar le haghaidh cluichí físeáin a oibríonn siad) na cluichí físeáin sin a fhágáil i riocht feidhmiúil (inimeartha). Go sonrach, féachann an tionscnamh le cosc a chur ar fhoilsitheoirí dul i mbun cluichí físeáin a chian-díchumasú sula gcuirtear modhanna réasúnacha ar fáil chun go mbeidh na cluichí físeáin fós feidhmiúil gan rannpháirtíocht an fhoilsitheora.

(3) In iarscríbhinn a ghabhann leis an tionscnamh, tugtar tuilleadh sonraí maidir le hábhar, cuspóirí agus cúlra an tionscnaimh. Mínítear inti go bhfuil 'foilsitheoirí ag díol cluichí físeáin ar gá iad a nascadh tríd an idirlíon le foilsitheoir an chluiche, nó a chaithfidh "glaoch abhaile" chun feidhmiú', agus 'nuair a thagann deireadh leis an tacaíocht do na cineálacha cluichí sin, is minic go díreach a bhriseann foilsitheoirí an nasc is gá chun go bhfeidhmeoidh an cluiche, ansin scriosann siad na cóipeanna feidhmiúla uile den chluiche, agus cuireann siad bearta fairsinge chun feidhme chun cosc a chur ar an gcustaiméir an cluiche a dheisiú'. Measann na heagraithe 'gurb amhlaidh is éifeacht leis an gcleachtas sin go bhfuil a gceannacháin á gceilt ar chustaiméirí' agus 'gur sárú é ar chearta tomhaltóirí', 'gur caillteanas cruthaitheach é do gach duine lena mbaineann' agus 'go dtugann sé dúshlán choincheap na húinéireachta féin' ó tharla 'go bhfágtar an custaiméir gan aon rud tar éis cluiche a "cheannach"'.

(4) Maidir le cuspóirí an tionscnaimh, d'fhéadfadh an Coimisiún togra a thíolacadh le haghaidh gníomh dlí arb é is aidhm dó cosc a chur ar fhoilsitheoirí dul i mbun cluichí físeáin a chian-díchumasú ar bhonn Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

(5) Ar an gcúis sin, measann an Coimisiún nach bhfuil aon chuid den tionscnamh ann ar follas nach dtagann sí faoi chreat chumhachtaí an Choimisiúin togra a thíolacadh le haghaidh gníomh dlí de chuid an Aontais chun na Conarthaí a chur chun feidhme.

(6) Is conclúid é sin nach ndéanann difear don mheasúnú ar cé acu a chomhlíonfaí nó nach gcomhlíonfaí, sa chás seo, na coinníollacha coincréiteacha substainteacha ba ghá chun go ngníomhódh an Coimisiún, coinníollacha lena n-áirítear comhlíonadh phrionsabail na comhréireachta agus na coimhdeachta, sin agus comhoiriúnacht do chearta bunúsacha.

(7) Tá fianaise iomchuí curtha ar fáil ag an ngrúpa d'eagraithe go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 5(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2019/788, agus go bhfuil na daoine teagmhála ainmnithe aige i gcomhréir le hAirteagal 5(3), an chéad fhomhír, den Rialachán sin.

(8) Ní tionscnamh é ar follas é a bheith míchuí, suaibhreosach ná cráiteach, ná ní follas go bhfuil sé contrártha do luachanna an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach iad ná do na cearta a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

(9) Dá bhrí sin ba cheart an tionscnamh dar teideal 'Stop Destroying Videogames' a chlárú.

([1]) IO L 130, 17.5.2019, lch. 55, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/788/oj.

(10) An chonclúid go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le clárú faoi Airteagal 6(3) de Rialachán (AE) 2019/788, ní thugann sí le tuiscint go ndearbhaíonn an Coimisiún ar bhealach ar bith go bhfuil inneachar an tionscnaimh cruinn fíorasach, agus is é an grúpa d'eagraithe atá i mbun an tionscnaimh, agus é sin amháin, atá freagrach as an méid sin. Ní chuireann inneachar an tionscnaimh in iúl ach tuairimí an ghrúpa d'eagraithe, agus ní féidir a dhéanamh amach ar aon bhealach gurb iad tuairimí an Choimisiúin a léiríonn sé,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Clárófar an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh dar teideal 'Stop Destroying Videogames'.

Airteagal 2

Tá an Cinneadh seo dírithe chuig an ngrúpa d'eagraithe atá i mbun an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'Stop Destroying Videogames', grúpa a bhfuil Daniel ONDRUSKA agus Aleksej VJALICIN ag gníomhú mar theagmhálaithe thar a cheann.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Meitheamh 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
Věra JOUROVÁ
Leas-Uachtarán